Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**10222/25**

**ECOFIN 780**
**UEM 290**
***ECB***
***EIB***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Meitheamh 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, 'An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha - Rannchuidigh sé go suntasach chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta, ach ní raibh an sprioc de €500 billiún san fhíorgheilleagar sroichte go hiomlán aige faoi dheireadh 2022'<br>- Conclúidí ón gComhairle (12.6.2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, 'An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha - Rannchuidigh sé go suntasach chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta, ach ní raibh an sprioc de €500 billiún san fhíorgheilleagar sroichte go hiomlán aige faoi dheireadh 2022' arna nglacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Meitheamh 2025.

**Conclúidí ón gComhairle**

**an**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**'An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha - Rannchuidigh sé go suntasach chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta, ach ní raibh an sprioc de €500 billiún san fhíorgheilleagar sroichte go hiomlán aige faoi dheireadh 2022'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2025 (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta). MEABHRAÍTEAR DI go mbronnann na Conarthaí ar an gCúirt scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais uile an Aontais agus LEAGANN SÍ BÉIM ar ról na Cúirte maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cumhdaíodh san iniúchadh oibríochtaí CEIS ón uair a seoladh é in 2015 go deireadh 2022 agus gur scrúdaíodh an méid seo a leanas: (1) ar bunaíodh cur chuige fónta agus ar cuireadh i bhfeidhm é chun meastachán a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh; (2) ar léiríodh breisíocht CEIS go leordhóthanach; (3) an ndearnadh faireachán agus tuairisciú cuí ar fheidhmíocht CEIS. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur díríodh go háirithe san iniúchadh ar ionú na FBManna, agus gur cumhdaíodh ag an am céanna oibríochtaí faoin ionú bonneagair agus nuálaíochta.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE cinntí agus moltaí na Cúirte sa tuarascáil speisialta. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil formhór na moltaí ón gCúirt glactha nó glactha go páirteach ag an gCoimisiún.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an chonclúid ón gCúirt gur rannchuidigh CEIS go mór le haghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta a d'eascair as géarchéim airgeadais 2007-2008, a measadh a bheith tite thart ar 15 % idir 2007 agus 2014. MEABHRAÍTEAR DI gur sásra ráthaíochta a bhí in CEIS a ceapadh chun acmhainneacht glactha riosca Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a mhéadú agus go raibh sé beartaithe leis EUR 500 billiún d'infheistíocht bhreise a shlógadh trí oibríochtaí a formheasadh roimh dheireadh 2020, a bhí le síniú roimh dheireadh 2022. AITHNÍONN SÍ an rath a bhí ar an ionstraim maidir le buiséad an Aontais a úsáid go héifeachtúil chun infheistíocht a shlógadh.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE cinneadh na Cúirte go ndearnadh rómheastachán ar ríomh na hinfheistíochta slógtha ag an gCoimisiún agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé meastachán cruinn a dhéanamh ar thionchar CEIS.

6. AITHNÍONN SÍ go gcomhfhreagraíonn príomhfhoinse na héagsúlachta sna meastacháin ar na méideanna slógtha do dhifríochtaí modheolaíochta i ríomh an mhaoiniúcháin a shlógtar d'fhaighteoirí deiridh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE i ndáil leis sin nach n-áiríonn an Chúirt ina cuid ríomhanna ach maoiniú a eisíocadh le faighteoirí deiridh agus tuairiscíonn an Coimisiún freisin gur shlóg an Coimisiún an infheistíocht a rabhthas ag súil léi faoi oibríochtaí formheasta agus sínithe, lena n-áirítear maoiniú nár eisíocadh go fóill leis na faighteoirí deiridh. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCúirt trédhearcacht a mhéadú i dtuairisciú CEIS agus rún an Choimisiúin maoiniú sínithe ach neamh-eisíoctha a nochtadh. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an fhaisnéis sin á nochtadh ag an gCoimisiún cheana féin i ndáil le InvestEU.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí ón gCúirt maidir le gnéithe eile i gcur i bhfeidhm na modheolaíochta iolraitheora, lena n-áirítear an infheistíocht arna slógadh ag táirgí cumaiscthe a shannadh go hiomlán do CEIS bunaithe ar fhoinsí eile tacaíochta ón Aontas a chomhcheangal le foinsí eile tacaíochta ón Aontas, aitheantas déanach a thabhairt d'infheistíochtaí a cuireadh ar ceal agus na scoithdhátaí éagsúla i dtuairisciú CEIS. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freagraí an Choimisiúin ar an gCúirt, agus go háirithe tuairim an Choimisiúin maidir leis na dúshláin a bhaineann leis na figiúirí infheistíochta a dhí-chomhiomlánú i struchtúir shrathacha. Mar sin féin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé an infheistíocht arna slógadh le hionstraimí éagsúla de chuid an Aontais a shannadh go cruinn.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an bharúil ón gCúirt gur mheas idirghabhálaithe airgeadais go rabhthas in ann, mar gheall ar ionú FBM de CEIS, infheistíochtaí i dtáirgí fiachais a dhéanamh a bheadh neamh-incháilithe murach sin, gur éascaíodh méideanna níos airde d'infheistíochtaí cothromais leis, agus gur mealladh infheisteoirí cothromais breise. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi gur thacaigh CEIS le raon leathan tionscadal i bpríomhearnálacha mar shampla taighde, fuinneamh, iompar, faisnéis agus cumarsáid agus FBManna.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, áfach, an tuairim ón gCúirt nár léiríodh go leordhóthanach nárbh fhéidir infheistíochtaí a dhéanamh, nó a mhéid céanna, gan CEIS. AITHNÍONN SÍ na teorainneacha agus na costais airgeadais a bhaineann le cleachtaí a dhéanamh chun cúisíocht a mheas ach CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfaí tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun breisíocht *ex-post* na n-infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó ionstraimí an Aontais a mheas chun a áirithiú go mbeidh fíorinfheistíocht bhreise á spreagadh le cistí poiblí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, i ndáil leis sin, an moladh ón gCúirt modheolaíocht a fhorbairt chun measúnú *ex-post* a dhéanamh ar bhreisíocht i gcláir a bheidh ann amach anseo ina n-úsáidfear ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais agus IS DÍOL SÁSAIMH DI toilteanas an Choimisiúin machnamh a dhéanamh ar an moladh sin a chur chun feidhme i gcláir de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo trí shuirbhéanna spriocdhírithe nó agallaimh struchtúrtha a bheidh le déanamh i meastóireachtaí neamhspleácha *ex post* a dhéanfar amach anseo.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI cinneadh na Cúirte maidir le faireachán leordhóthanach a bheith á dhéanamh ag an gCoimisiún agus ag Grúpa BEI ar CEIS agus gur chomhlíon oibríochtaí CEIS cuspóirí earnálacha agus geografacha a bheag nó a mhór agus gur chomhlíon siad an sprioc maidir le gníomhú ar son na haeráide.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE cinntí na Cúirte maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaí faireachán níos cuimsithí agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón gCúirt feabhas a chur ar an tuairisciú ar infheistíochtaí cothromais lasmuigh den Aontas agus ar aistriú sochar chuig faighteoirí deiridh. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún go páirteach leis na moltaí sin agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá cothromaíocht a bhaint amach idir trédhearcacht agus comhréireacht agus simpliú tuairiscithe.

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún leis an moladh ón gCúirt feabhas a chur ar an ngrinnscrúdú ar thuarascálacha oibríochtúla CEIS agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar Ghrúpa BEI comhsheasmhacht, cruinneas agus iomláine shonraí CEIS a fheabhsú.

13. AITHNÍONN SÍ gur tháinig deireadh leis an tréimhse chun conarthaí a shíniú faoi CEIS in 2022 agus go bhfuil sí ag súil leis na hoibríochtaí ráthaithe uile a bheith curtha i gcrích ag CEIS.